Tithe na mBocht i nDún na nGall: Clárleabhar Iontrála agus Scaoilte Amach

Bhíodh Boird na mBardach iontach maith ag coinneáil miontaifead de ghníomhaíochtaí Theach na mBocht.

Nuair a thagadh áitritheoir úr isteach dhéantaí a chuid sonraí a thaifeadadh ar an Chlárleabhar Iontrála agus Scaoilte Amach. Bhreactaí síos an t-ainm, an aois, an seoladh, slí bheatha, stádas pósta agus cé acu bhí na páistí dílleachtach nó tréigthe.

Dhéantaí taifead fosta ar chreideamh an áitritheora, chomh maith le tinneas nó míchumas ar bith a bhí acu. Dhéantaí taifead chomh maith ar an dáta a tháinig siad isteach i dTeach na mBocht, agus an dáta a scaoileadh amach iad.

Tharla in amannaí nach gcaitheadh cuid de na háitritheoirí ach aon oíche amháin i dteach na mbocht; ba mhinic nach mbíodh na daoine seo ach ag taisteal fríd an bhaile mhór. Ach d'fhanadh an chuid ba mhó de na háitritheoirí i bhfad ní b'fhaide ná sin, go háirithe dá mbíodh siad aosta nó tinn.



REGISTRY

Workhouse of the Union,

ALPHABETICAL INDEX

Glenties Workhouse Admission and Discharge Register 1884 (Extract BG92/3/2)

	Name and Surname of Pauper	Sex	Age	If Adult, whether Single, Married, Widower or Widow, if Child whether, Orphan or Deserted	Employment or calling	Religious Denomination	If disabled, the description of disability	Name of Wife or Husband	Number of Children	Observations on condition of Pauper when admitted	Electoral Division and Townland in which resident	Date when Admitted or when born in the Workhouse	Date when died, or left the Workhouse
01.	Alexander McGrory	M	36	Married	Begging	Catholic	No Disabilities	Ellen McGrory	6	Ragged and Dirty	Killybegs	Dec 6th 1884	Dec 27th 1884
02.	Ellen McGrory	F	35	Married	Begging	Catholic		Alexander McGrory		Ragged and Dirty	Killybegs	Dec 6th 1884	Dec 27th 1884
03.	Eliza McGrory	F	15	Single		Catholic				Ragged and Dirty		Dec 6th 1884	Dec 27th 1884
04.	Hugh McGrory	M	13			Catholic				Ragged and Dirty		Dec 6th 1884	Dec 27th 1884
05.	James McGrory	M	8			Catholic				Ragged and Dirty		Dec 6th 1884	Dec 27th 1884
06.	Mary McGrory	F	5			Catholic				Ragged and Dirty		Dec 6th 1884	Dec 27th 1884
07.	Edward McGrory	M	4			Catholic				Ragged and Dirty		Dec 6th 1884	Dec 27th 1884
08.	Samuel McGrory	M	1			Catholic				Ragged and Dirty		Dec 6th 1884	Dec 27th 1884
09.	Anthony Kilferty	M	60	Widower	Musician	Catholic				Clean	Union at large	Dec 6th 1884	Dec 7th 1884
10.	Mary Cunningham	F	18	Single	Servant	Catholic				Ragged and Dirty	Glencolmcille	Dec 7th 1884	Jan 18th 1885
11.	William Sheerin	M	70	Married	Begging	Catholic	Old Age	Rose Sheerin		Ragged and Dirty	Glengesh	Dec 7th 1884	March 12th 1885
12.	David Bonar	M	17	Single	Servant	Catholic	Sore Leg			Clean	Lettermacaward	Dec 12th 1884	May 15th 1885
13.	Margaret Gallagher	F	80		Begging	Catholic	Old Age			Ragged and Dirty	Glenties	March 31st 1885	Sept. 8th 1885 Died
14.	Condy Bonar	M	1¼	Orphan	None	Catholic	Not Sick			Ragged and Dirty	Lettermacaward	June 26th 1885	This child has been sent out to Nurse

Tithe na mBocht i nDún na nGall: Clárleabhar Iontrála agus Scaoilte Amach

Bhíodh Boird na mBardach iontach maith ag coinneáil miontaifead de ghníomhaíochtaí Theach na mBocht.

Nuair a thagadh áitritheoir úr isteach dhéantaí a chuid sonraí a thaifeadadh ar an Chlárleabhar Iontrála agus Scaoilte Amach. Bhreactaí síos an t-ainm, an aois, an seoladh, slí bheatha, stádas pósta agus cé acu bhí na páistí dílleachtach nó tréigthe.

Dhéantaí taifead fosta ar chreideamh an áitritheora, chomh maith le tinneas nó míchumas ar bith a bhí acu. Dhéantaí taifead chomh maith ar an dáta a tháinig siad isteach i dTeach na mBocht, agus an dáta a scaoileadh amach iad.

Tharla in amannaí nach gcaitheadh cuid de na háitritheoirí ach aon oíche amháin i dteach na mbocht; ba mhinic nach mbíodh na daoine seo ach ag taisteal fríd an bhaile mhór. Ach d'fhanadh an chuid ba mhó de na háitritheoirí i bhfad ní b'fhaide ná sin, go háirithe dá mbíodh siad aosta nó tinn.



REGISTRY

Workhouse of the Union,

ALPHABETICAL INDEX

Inishowen Workhouse Admission and Discharge Register 1844 - 1849 (Extract BG97/3/1)

No.	Name and Surname of Pauper	Sex	Age	If Adult, whether Single, Married, Widower or Widow, if Child whether, Orphan or Deserted	Employment or calling	Religious Denomination	If disabled, the description of disability	Name of Wife or Husband	Number of Children	Observations on condition of Pauper when admitted	Electoral Division and Townland in which resident	Date when Admitted or when born in the Workhouse	Date when died, or left the Workhouse
1.	Patrick McLoughlin	M	17	Single	Labourer	RC	Ulcerated Leg			Clean	Carndonagh	26 Oct 1846	2 Feb 1849
2.	Hanna McIntyre	F	87	Single	Beggar	RC	General Debility	None	None	Dirty	Greencastle	28 Oct 1846	7 Aug 1847
3.	James Molloy	M	16	Deserted	None	RC	Idiot				Greencastle	2 Nov 1846	6 Mar 1847 Died
4.	John Molloy	M	13	Deserted	None	RC	Idiot				Greencastle	2 Nov 1846	1 April 1847 Died
5.	William Ramsey	M	30	Married	Beggar	RC		Catherine Ramsey	4	Dirty	Greencastle	16 Nov 1846	26 Nov 1846
6.	Catherine Ramsey	F	27	Married	Beggar	RC		William Ramsey		Dirty	Greencastle	16 Nov 1846	26 Nov 1846
7.	Nancy Ramsey	F	10	Child of Above		RC				Dirty	Greencastle	16 Nov 1846	26 Nov 1846
8.	Patrick Ramsey	M	7	Do.		RC				Dirty	Greencastle	16 Nov 1846	26 Nov 1846
9.	John Ramsey	M	3	Do.		RC				Dirty	Greencastle	16 Nov 1846	26 Nov 1846
10.	William Ransey	M	1 1/4	Do.		RC				Dirty	Greencastle	16 Nov 1846	26 Nov 1846
11.	Lusinda Ruddy	F	18	Single	Servant	RC				Clean	Buncrana	23 Nov 1846	28 Feb 1849
12.	John Boland	M	11	Orphan		RC				Clean	Culdaff	8 Jan 1847	19 June 1847
13.	Eliza O'Donnell	F	35	Married	None	Presbyterian	Healthy	Charles O' Donnel	1	Deserted by Husband	Turmore	12 Jan 1847	9 Mar 1847
14.	Alexander O'Donnell	M	4 mths.	Child of Above		RC						12 Jan 1847	9 Mar 1847

Tithe na mBocht i nDún na nGall: Clárleabhar Iontrála agus Scaoilte Amach

Bhíodh Boird na mBardach iontach maith ag coinneáil miontaifead de ghníomhaíochtaí Theach na mBocht.

Nuair a thagadh áitritheoir úr isteach dhéantaí a chuid sonraí a thaifeadadh ar an Chlárleabhar Iontrála agus Scaoilte Amach. Bhreactaí síos an t-ainm, an aois, an seoladh, slí bheatha, stádas pósta agus cé acu bhí na páistí dílleachtach nó tréigthe.

Dhéantaí taifead fosta ar chreideamh an áitritheora, chomh maith le tinneas nó míchumas ar bith a bhí acu. Dhéantaí taifead chomh maith ar an dáta a tháinig siad isteach i dTeach na mBocht, agus an dáta a scaoileadh amach iad.

Tharla in amannaí nach gcaitheadh cuid de na háitritheoirí ach aon oíche amháin i dteach na mbocht; ba mhinic nach mbíodh na daoine seo ach ag taisteal fríd an bhaile mhór. Ach d'fhanadh an chuid ba mhó de na háitritheoirí i bhfad ní b'fhaide ná sin, go háirithe dá mbíodh siad aosta nó tinn.



REGISTRY

Workhouse of the Union,

ALPHABETICAL INDEX

Letterkenny Workhouse Admission and Discharge Register 1864 - 1878 (Extract BG/109/3/3)

No.	Name and Surname of Pauper	Sex	Age	If Adult, whether Single, Married, Widower or Widow, if Child whether, Orphan or Deserted	Employment or calling	Religious Denomination	If disabled, the description of disability	Name of Wife or Husband	Number of Children	Observations on condition of Pauper when admitted	Electoral Division and Townland in which resident	Date when Admitted or when born in the Workhouse	Date when died, or left the Workhouse
1.	Peggy Campbell	F	60	Married	None	Roman Catholic	Not disabled			In distress	Union at large	15 Oct 1864	17 Oct 1864
2.	James Boyle	M	17	Single	Servant	Roman Catholic	Fever			Very Sick	Labbadish	19 Oct 1864	21 Oct 1864
3.	Durby Kelly	M	15	Single	Servant	Roman Catholic	Fever			Very Sick	Manorcunningham	19 Oct 1864	29 Nov 1864
4.	Thomas Graham	M	45	Single	Cabinet Maker	Presbyterian	Infirm			Clean	Union at large	25 Oct 1864	26 Oct 1865
5.	Denis Malony	M	32	Married	Carpenter	Church of England	Not disabled	Margaret Malony	4	Clean	Gartan Carrowtrasna	4 Nov 1864	1 May 1865
6.	Margaret Malony	F	30	Married	None	Church of England		Denis Malony		Clean		4 Nov 1864	1 May 1865
7.	Thomas Malony	M	11	Single		Church of England				Clean		4 Nov 1864	1 May 1865
8.	John Malony	M	9	Single		Church of England				Clean		4 Nov 1864	1 May 1865
9.	James Malony	M	7	Single		Church of England				Clean		4 Nov 1864	1 May 1865
10.	Patrick Malony	M	1½	Single		Church of England				Clean		4 Nov 1864	1 May 1865
11.	Alexander Lawn	M	60	Married	Labourer	Roman Catholic	Not disabled	Kitty Lawn	1	Clean	Gartan Casheltown	26 Nov 1864	22 July 1866
12.	Kitty Lawn	F	54	Married	House Keeper	Roman Catholic	Not disabled	Alexander Lawn		Clean	Gartan Casheltown	26 Nov 1864	22 July 1866
13.	Biddy Lawn	F	11	Single	Servant	Roman Catholic	Not disabled			Clean		26 Nov 1864	22 July 1866
14.	Bell Donnell	F	20	Single	Servant	Roman Catholic	Small Pox			Sick	Union at large	26 Nov 1864	26 May 1865

Tithe na mBocht i nDún na nGall: Clárleabhar Iontrála agus Scaoilte Amach

Bhíodh Boird na mBardach iontach maith ag coinneáil miontaifead de ghníomhaíochtaí Theach na mBocht.

Nuair a thagadh áitritheoir úr isteach dhéantaí a chuid sonraí a thaifeadadh ar an Chlárleabhar Iontrála agus Scaoilte Amach. Bhreactaí síos an t-ainm, an aois, an seoladh, slí bheatha, stádas pósta agus cé acu bhí na páistí dílleachtach nó tréigthe.

Dhéantaí taifead fosta ar chreideamh an áitritheora, chomh maith le tinneas nó míchumas ar bith a bhí acu. Dhéantaí taifead chomh maith ar an dáta a tháinig siad isteach i dTeach na mBocht, agus an dáta a scaoileadh amach iad.

Tharla in amannaí nach gcaitheadh cuid de na háitritheoirí ach aon oíche amháin i dteach na mbocht; ba mhinic nach mbíodh na daoine seo ach ag taisteal fríd an bhaile mhór. Ach d'fhanadh an chuid ba mhó de na háitritheoirí i bhfad ní b'fhaide ná sin, go háirithe dá mbíodh siad aosta nó tinn.



REGISTRY

Workhouse of the Union,

ALPHABETICAL INDEX

Dunfanaghy Workhouse Admission and Discharge Register 1891 - 1915 (Extract BG/81/3/6)

No.	Name and Surname of Pauper	Sex	Age	If Adult, whether Single, Married, Widower or Widow, if Child whether, Orphan or Deserted	Employment or calling	Religious Denomination	If disabled, the description of disability	Name of Wife or Husband	Number of Children	Observations on condition of Pauper when admitted	Electoral Division and Townland in which resident	Date when Admitted or when born in the Workhouse	Date when died, or left the Workhouse
1.	John Simpson	M	82	Single	Labourer	Church of Ireland					Tougher	2 Nov 1896	23 April 1902
2.	Hugh Gallagher	M	63	Married	Labourer	Roman Catholic					Kildaragh	6 April 1891	
3.	James Cael	M	51	Single	Labourer	RC	Paralysis				Derryherriff	3 July 1901	28 Aug 1903
4.	Mary McGarvey	F	51	Single	Servant	RC					Gweedore	3 June 1901	
5.	Daniel Gallagher	M	36	Single	Labourer	RC	Epileptic				Murroe	1 May 1900	6 Aug 1902
6.	Isabella Robinson	F	21	Single	Servant	RC			2		Dunfanaghy	15 Oct 1901	
7.	John Robinson	M	2	Single		RC					Dunfanaghy	15 Oct 1901	
8.	Sarah Robinson	F	1	Single		RC					Dunfanaghy	15 Oct 1901	
9.	Sarah Gallagher	F	78	Single	Servant	RC					Dunmore	17 Dec 1901	24 Feb 1910 (died)
10.	Hugh Conaghan	M	67	Widower	Labourer	RC	Lame		4		Falcarragh	15 April 1902	16 April 1902
11.	James McGarvey	M	43	Married	Tramp	RC					No Fixed Residence	15 April 1902	16 April 1902
12.	Margaret McGarvey	F	38	Wife of James McGarvey	Tramp	RC					No Fixed Residence	15 April 1902	16 April 1902
13.	John McGarvey	M	7		Tramp	RC						15 April 1902	16 April 1902
14.	Jane McGarvey	F	5		Tramp	RC						15 April 1902	16 April 1902
15.	James McGarvey	M	4		Tramp	RC						15 April 1902	16 April 1902
16.	Frank McGarvey	M	1		Tramp	RC						15 April 1902	16 April 1902

Saol, sochaí, obair agus cultúr san am atá thart

Topaic: An saol sa 19ú céad

Leathanach Oibre 3

AMLÍNE

- **1838 Dlí na mBocht in Éirinn**
- **1843-1846 Tithe na mBocht á dtógáil i nDún na nGall**
- **An Gorta Mór 1845-1848**
- **1923 Druidim Thithe na mBocht**

An raibh a fhios agat ?

AONTAIS AGUS BARDAIGH DHLÍ NA MBOCHT

Tháinig Dlí na mBocht go hÉirinn i 1838 le fóirithint a dhéanamh ar na boicht. Roinneadh an tír ina n-aontais. Bhí Teach Bocht in achan aontas agus é á reáchtáil ag Bord Bhardaigh na mBocht. Bhí 8 n-aontas i gContae Dhún na nGall; Béal Átha Seanaidh, Baile Dhún na nGall, Dún Fionnachaidh, na Gleannta, Inis Eoghain, Leitir Ceanainn agus Srath an Urláir. Bhí roinnt ceantracha i nDún na nGall mar chuid d'aontais Dhoire agus an tSratha Báin.

Chuir tithe na mbocht dídean ar fáil dóibh siúd a bhí beo bocht agus gan áit chónaithe acu. Bhíodh máistir agus mátrún i mbun an tí. Bhíodh póirtéirí agus altraí ag obair iontu fosta, chomh maith le múinteoirí a chuireadh ranganna ar fáil agus a thugadh aire do na páistí.

Bhí droch-chlú ar thithe na mbocht i measc an phobail, mar go mbíodh saol crua ag na háitritheoirí agus bhíodh na rialacha iontu iontach géar agus iontach dian. Ní bhíodh cead ag éinne dul amach as tithe na mbocht gan cead a fháil ón mháistir, agus chuirtí pionós ar na háitritheoirí faoi na rialacha a bhriseadh. Scaradh baill teaghlaigh óna chéile ar dhul isteach dóibh, agus ní fheiceadh na páistí a gcuid tuismitheoirí ach uair amháin sa lá. Bhíodh ar achan duine obair a dhéanamh, seachas iad siúd a bhí go dona tinn agus iad siúd a bhí aosta.

Ní bhíodh de bhia acu ach béilte bunúsacha; arán, brachán agus prátaí den chuid is mó. Ní go dtí an 20ú haois a tháinig feabhas ar an bhia, agus cead ag na háitritheoirí roinnt sóláistí breise a bheith acu ar nós tae agus feola in amannaí.

Mhair tithe na mbocht ar an saol go dtí 1923. Rinneadh cuid de na foirgnimh a thiontú ina dTithe Contae nó ina nOtharlanna atá in úsáid go dtí an lá atá inniu ann.

AN DROCHSHAOL / AN GORTA MÓR

Bhí muintir na hÉireann ag brath go mór ar phrátaí sa 19ú haois. Bhí an chuid ba mhó den daonra de 8 milliún ag cur fúthu i gceantracha tuaithe ar fheirmeacha iontach beag, a bhíodh ar cíos acu ó fheirmeoirí móra agus ó thiarnaí talún.

I 1845 scrios dúchan na bprátaí an tríú cuid den bharr. Níorbh fhada gur thosaigh an dúchan á leathadh agus theip go hiomlán ar na prátaí i 1846. Ba é an toradh a bhí air seo ná gur fágadh na bochtáin gan bhia agus cuireadh cuid mhór acu amach as a dtithe siocair gan an cíos a íoc. Ní raibh de rogha ag cuid mhór daoine ach teacht na mbocht nó an imirce. Ba é an toradh a bhí air seo ná róphlódú i dtithe na mbocht agus leathnú galar ar nós dinnireachta agus tíofais. Chuidigh boird na mbardach le daoine taobh amuigh de theach na mbocht i rith an Ghorta Mhóir trí "fóirithint bhaile" i bhfoirm cóir leighis agus bia.

SA PHACÁISTE S'AGATSA GHEOBHAIDH TÚ…:

1. Léarscáil d'Aontais Dhlí na mBocht i gContae Dhún na nGall
2. Fógra aontais Leitir Ceanainn ó 1881
3. Leathanach as leabhar miontuairiscí de chuid bhord na mbardach
4. An leabhar pionóis do Theacht na mBocht i mBaile na nGallóglach
5. Taifead na mbásanna ó Bhaile na nGallóglach
6. Duilleoga itheacháin ó 1846 agus 1847
7. Leathanach as leabhar cláraithe ó theach na mbocht.

Amharc ar an Fhianaise

Leathanach Oibre 3

Teach na mBocht

1. **Léarscáil Aontas Dhlí na mBocht**
   Ag úsáid na léarscáile atá curtha ar fáil, roghnaigh an t-aontas ina raibh do bhaile/do scoil/do theach féin.

2. **Fógra faoi Aontas Leitir Ceanainn, 1881**
   Cad iad na cineálacha feola a bhíodh ar fáil le hithe i dTeach na mBocht?
   Scríobh liosta den éadach agus de na baill éadaigh a ordaíodh do na háitritheoirí.
   Ón liosta den ábhar a ordaíodh, cad é an obair a bhí le déanamh ag na háitritheoirí, do bharúil?

3. **Miontuairiscí ó Bhord na mBardach**
   Cén dáta atá ar an taifead seo?
   Cá mhéad bochtán san iomlán a bhí i dteach na mbocht?
   Cá mhéad gasúr agus girseach idir 9 agus 15 bliana a bhí i dteach na mbocht an bhliain sin?
   Cá mhéad duine a bhí san Otharlann Fiabhrais?

4. **Leabhar Pionóis i dTeach na mBocht**
   An síleann tú go raibh na pionóis a gearradh ar na háitritheoirí cruálach?
   Cén modh pionóis ba mheasa i measc na n-áitritheoirí, do bharúil?
   D'fhág Patrick Deneese Óg teach na mbocht gan chead, cad é an pionós a gearradh air?

5. **Taifead na mBásanna**
   Cad é an rud ba mhó ba chúis le bás idir Dheireadh Fómhair 1904 agus Márta 1905?
   Cén aois a bhí Francis Carr agus cad é a thug a bhás?
   Cá fhad a bhí Daniel Duffy i dteach na mbocht nuair a fuair sé bás i 1906?

6. **Bia**
   Déan comparáid idir an dá bhiachlár a úsáideadh i dteach na mbocht, agus cad é a bhí ar iarraidh ón bhiachlár i 1847?
   An síleann tú gur bia sláintiúil a bhí ar fáil do na bochtáin?
   Déan comparáid idir an bhia a itheann tú féin agus an bia a d'itheadh duine ar comhaois leat i dteach na mbocht i 1847? Cad é an bia ba mhó a chronófá féin?

7. **Clárleabhar**
   Cá mhéad páiste a tugadh isteach? Cérbh é an páiste ab óige agus cén aois a bhí aige/aici?
   Scríobh liosta de shlite beatha na n-áitritheoirí
   Cad é an tslí bheatha a bhíodh ag na mná?
   Cad iad na cineálacha míchumais a luadh?
   Cén duine ar an liosta seo a chaith an tréimhse ab fhaide i dteach na mbocht? Cá fhad a bhí sé/sí ann?

SCRÚDAIGH...

- Déan iarracht smaoineadh ar an chineál saoil a bhíodh ag páistí i dTeach na mBocht. Scríobh sliocht gairid ar na mothúcháin a shíleann tú a bheadh agat féin agus tú ag dul isteach i dteach na mbocht.
- Samhlaigh tú féin mar iriseoir ag tabhairt cuairte ar theach na mbocht i 1847. Scríobh alt don nuachtán ar a bhfuil feicthe agat.